DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathlanaigh | |
| **Nóta**: Is den riachtanas é go bhfreagródh an marc ag **1** thuas don **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. ☞ | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| IOMLÁN | ☞ | |
| CT | → | |
| MÓRIOMLÁN | → | |
| GRÁD | → | |



THALL ⟶

## ROINN 1 – LÉAMHTHUISCINT (110 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**
[N.B.Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)

1 **Óstán Uí Shé**
**Tabhair sos duit féin!**
Rátaí ísle gach deireadh seachtaine

2 **SLADMHARGADH**
Gach rud ar leathphraghas

3 **Cruinniú ar siúl**
**Cosc ar fhóin phóca**

4 **An bhfuil garraíodóir uait?**
**Cuir glao ar Sheán**
**087 – 765023**

5 **AN SEODÓIR**
**Seodra do gach**
**ócáid speisialta**

6 **Leictreoir ag teastáil**
**Fón: 086 - 467892**


7 **Ceachtanna snámha**
**Gach Satharn**
**11 a.m. – 1 p.m.**

8 **Camchuairt na Cathrach**
**Busanna ag imeacht**
**go rialta**

9 **Ionad siopadóireachta nua**
**Ag oscailt**
**Dé Luain 4 Iúil**


10 **Comórtas Gailf**
**Fáilte roimh**
**bhaill agus chuairteoirí**


























| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c). (30 marc)

(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



# CAMPA LEADÓIGE



**COLÁISTE PHÁDRAIG**
**Do dhaoine óga**
idir sé bliana agus ocht mbliana déag d'aois

**Páistí Óga**
Is féidir leo a bheith sa ghrúpa céanna lena gcairde




**Le foghlaim:**
Scileanna leadóige
ó imreoirí sciliúla



**Cúrsaí ar siúl**
Ar feadh seachtaine ó Luan go hAoine

4 Iúil - 25 Iúil 2007

**Costas**
€80 in aghaidh na seachtaine



**Tabhair leat**
Raicéad leadóige, Bróga leadóige agus Athrach éadaigh



Má tá tuilleadh eolais uait cuir glao teileafóin ar oifig an choláiste
090 – 387091 **nó** cuir litir r-phoist chuig: naomhp@eircom.net

(i) Cén áit a mbeidh an campa leadóige?

___

(ii) Cén costas atá ar an gcúrsa leadóige seo?

___

(iii) Ainmnigh **dhá** rud atá le tabhairt leat ar an gcúrsa?

___




THALL ⟶

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



# AG DUL AR SAOIRE ?



**Fáilte romhat go hÉirinn**

*Saoire den scoth ar fáil inti*

**Tabhair cuairt ar chathracha na tíre**

**AGUS**

*Bain taitneamh as:*

- An stair agus an cultúr
- Siopadóireacht sna siopaí breátha nua-aimseartha
- Béilí blasta in óstáin agus i mbialanna cairdiúla

**NÓ**

**Más maith leat saoire faoin tuath**

*Is féidir leat:*



- Do scíth a ligean ar thránna áille
- Dul ag siúl sna sléibhte
- Siúl nó rothaíocht ar bhóithre ciúine
- Fanacht in ionaid champála

**Má tá suim agat i gcúrsaí spóirt**

*Bain triail as:*

- Spóirt uisce
- Galfchúrsaí iontacha ar fud na tíre
- Iascaireacht

(i) Ainmnigh **dhá** rud ar féidir leat taitneamh a bhaint astu sna cathracha?

(i)____________________________ (ii)____________________________

(ii) Scríobh síos **dhá** rud is féidir leat a dhéanamh faoin tuath.

(i)____________________________ (ii)____________________________

(iii) Luaigh **dhá** spórt ar féidir leat triail a bhaint astu.

(i)____________________________ (ii)____________________________

(c) Léigh an **dán** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

**Seanbhean**

Thit sí ina codladh
cois tine
cé go raibh an teach tábhairne
plódaithe
agus dioscó ar siúl sa seomra eile.

Níor airigh sí, ach oiread,
clingireacht na ngloiní,
ná bladar an dream' ag ól,
ná an tine ag bánú as.

Níor chuala sí tada
seachas caint dhraíochta na síoraíochta
ag tarraingt ar a codladh.

le ***Dolores Stewart***

(i) Cá raibh an tseanbhean?

______________________________

(ii) Cad a bhí ar siúl sa seomra eile?

______________________________

(iii) Ainmnigh rud **amháin** nár airigh sí?

______________________________

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. (60 marc)

(a) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)


# D.J. CAREY
# LAOCH NA hIOMÁNAÍOCHTA

**1.** Anuraidh (2006) d'éirigh D.J. Carey as a bheith ag imirt iománaíochta le foireann sinsir Chontae Chill Chainnigh. Bhí brón agus díomá ar lucht leanúna an chluiche ar fud na tíre nuair a chuala siad an scéal seo.

**2.** Duine de na himreoirí is fearr a d'imir an iománaíocht riamh is ea DJ. Tá a lán daoine den tuairim nach raibh aon imreoir eile riamh a bhí chomh maith leis.

**3.** Mar a dúirt sé féin bhíodh sé i gcónaí ag cleachtadh agus ag iarraidh feabhas a chur ar a chuid scileanna. Níl dabht faoi ná gur éirigh thar barr leis sa mhéid sin. Mar chruthú air sin bhí lucht leanúna na hiománaíochta timpeall na tíre, nach raibh aon bhaint acu le Cill Chainnigh, sásta dul chuig cluichí nuair a bhí D.J. ag imirt.

**4.** Bhí sé fós ar scoil nuair a fuair sé cuireadh dul ar phainéal sinsearach Chill Chainnigh i 1989. Ó shin i leith tá cúig bhonn uile-Éireann buaite aige agus tá naoi ngradam Sár-Imreoirí Iománaíochta aige, rud nach bhfuil ag aon imreoir eile.



**Beirigí greim orm!**

**5.** Chomh maith le bheith ina shár-iománaí bhí sé ina imreoir liathróid láimhe den scoth freisin. Bhí sé ina churadh domhanda tráth sa chluiche sin. Tá sé ar fheabhas ag an ngalf leis!

(i) Cén contae a raibh D.J. ag imirt leis?

________________________________________

(ii) Conas a mhothaigh lucht leanúna na hiománaíochta nuair a chuala siad gur éirigh D.J. as?

________________________________________

(iii) Cad a bhí lucht leanúna na hiománaíochta sásta a dhéanamh?

________________________________________

(iv) Cé mhéad bonn uile-Éireann a bhuaigh sé?

________________________________________

(v) Ainmnigh cluiche **amháin** eile a imríonn D.J. Carey.

________________________________________

(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# EOIN COLFER – ÚDAR *ARTEMIS FOWL*

**1.** Tá cáil bainte amach ag Eoin Colfer ar fud an domhain as ucht a chuid scríbhneoireachta. Thosaigh sé ag scríobh go luath ina shaol. Nuair a bhí sé i rang a sé sa bhunscoil scríobh sé dráma ar na Déithe Lochlannacha. Scríobhann sé, den chuid is mó, do dhéagóirí óga cé go bhfuil drámaí scríofa aige do dhaoine fásta freisin.

**2.** Múinteoirí ba ea a thuismitheoirí agus bhí sé féin ina mhúinteoir leis. Nuair a phós sé a bhean chéile, Jackie, bhí siad ina gcónaí i gContae Loch Garman i dtosach. Ansin chaith siad ceithre bliana i dtuaisceart na hAfraice agus san Iodáil.

**3.** Bhain sé úsáid as an méid a d'fhoghlaim sé faoin Afraic ina chéad leabhar, *Benny and Omar*, mar bíonn ar Benny dul chun cónaithe sa Túinéise i dtuaisceart na hAfraice nuair a théann a athair ag obair sa tír sin.




**4.** Tá cáil idirnáisiúnta ar Eoin Colfer mar údar anois. I Mí an Mheithimh 2002 bhí a leabhar *Artemis Fowl: The Arctic Incident* ag uimhir a haon sna leabhair is mó díol agus díoladh níos mó cóipeanna de ná leabhair J. K. Rowling, údar na leabhar faoi Harry Potter.

**5.** Tá margadh déanta ag Eoin Colfer le comhlacht de chuid Robert de Niro, Miramax & Tribecca, scannán a dhéanamh as an leabhar. Chomh maith leis sin tá Gaeilge curtha ar an leabhar ag Máire Nic Mhaoláin.

(i) Cathain a thosaigh Eoin Colfer ag scríobh?

________________________________________

(ii) Cé dó a scríobhann sé?

________________________________________

(iii) Cén tslí bheatha a bhí ag a thuismitheoirí?

________________________________________

(iv) Cá raibh sé féin agus a bhean chéile ar feadh ceithre bliana?

________________________________________

(v) Cén margadh atá déanta ag Eoin Colfer le Miramax & Tribecca?

________________________________________



THALL ⟶

**ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA** **(110 marc)**

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (25 mharc)

(a) Tá tú ag freastal ar Choláiste Gaeilge sa Ghaeltacht. Scríobh **cárta poist** chuig do dheirfiúr **nó** chuig do dheartháir.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

- an turas go dtí an Coláiste
- rud **amháin** is maith leat nó nach maith leat faoin gColáiste
- an aimsir
- rud éigin a cheannaigh tú
- cén uair a fhillfidh tú




**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.**

## Cárta Poist

**NÓ**

(b)




Is tusa Tomás sna pictiúir thuas. Bhí tú chun dul chuig scannán le do chara Aoife oíche Dé Máirt ach ní féidir leat dul.

Fágann tú nóta di ag rá:

- cén fáth nach féidir leat dul
- cén oíche a bheidh tú saor chun dul chuig an scannán
- cén t-am a chríochnaíonn an scannán
- cad ba mhaith leat a dhéanamh tar éis an scannáin
- conas a rachaidh sibh abhaile

**Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.**

**NÓTA**

**CEIST 2** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú, agus críoch oiriúnach.]**

(a) Cheannaigh tú iPod nua le déanaí. Is maith le do chara, atá ar saoire, rudaí mar sin.



Scríobh litir chuig do chara. Sa litir luaigh na pointí seo:

- cén áit ar cheannaigh tú an iPod nua
- cén praghas a bhí air
- cúpla rud faoin gceol/na hamhráin atá agat ar an iPod nua
- cén uair a bheidh sé/sí ábalta éisteacht leis an iPod leatsa

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 11**.

**NÓ**

(b) Tá tú ar laethanta saoire le do thuismitheoirí. Tá sibh ag taisteal ó thír go tír.
Scríobh litir chuig d'aintín **nó** d'uncail.

Luaigh na pointí seo sa litir:

- rud éigin faoin tír ina bhfuil sibh anois
- duine suimiúil ar bhuail tú leis/léi
- rud **amháin** a rinne tú go dtí seo a thaitin (**nó** nár thaitin) go mór leat
- an chéad tír eile a bhfuil sibh chun cuairt a thabhairt uirthi agus cén fáth

**Stór Focal:**

An Fhrainc
An Spáinn
An Phortaingéil
An Iodáil
Sasana
Páras
Barcelona
Beirlín
An Róimh
Londain

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 11.**

Ceist 2 (a) **nó** (b)

**Litir**

| |
|---|
| **Seoladh:** ____________<br>____________<br>____________<br>**Dáta:** ____________<br>**Beannú:** ____________ |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **Críoch:** ____________<br>____________<br>____________ |



**THALL** →

**CEIST 3** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (45 mharc)


(a) **Alt** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) Peata atá agam.
(ii) Cóisir i mo theach.
(iii) An lá sa tseachtain is fearr liom.
(iv) Mo chairde scoile.

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch 13.**

**<u>NÓ</u>**

(b)




Is iad Nuala agus Micheál na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Nuala ina dialann (nó ag Micheál ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne nó mar sin i do fhreagra]**

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch 13.**

Ceist 3(a) **nó** (b)

## Alt

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán